# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
## *University College Dublin*
## Achoimre ar Riachtanais Iontrála (le haghaidh iontrála in 2025)

## Conas a chuirim iarratas isteach?

I gcoitinne, má tá tú incháilithe do tháillí an AE, ba chóir duit iarratas a chur isteach tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun áit a fháil ar chúrsaí fochéime in UCD. Is fearr iarratas a chur isteach ar líne ag **www.cao.ie.** Tá an lámhleabhar CAO, ina bhfuil sonraí maidir le nósanna imeachta agus dátaí deiridh a bhaineann le hiarratais, ar fáil ar shuíomh gréasáin an CAO. www.cao.ie

Mura bhfuil tú incháilithe do tháillí an AE (féach thíos) nó más iarrthóir aistrithe thú (tar éis bliain 1), caithfidh tú iarratas a chur isteach go díreach chuig an Ollscoil. Féach **www.ucd.ie/admissions** le haghaidh sonraí, le do thoil.

**Cathain ba cheart dom mo thorthaí a chur faoi bhráid an CAO?**
Caithfidh an cháipéisíocht agus na torthaí scrúdaithe go léir a chuireann tú isteach lena measúnú chun áit a fháil in UCD a bheith ag an CAO tráth nach déanaí ná na dátaí thíos:

| | |
|---|---|
| • Cáipéisí tacaíochta HEAR/DARE | 15 Márta 2025 |
| • Ardteistiméireacht na hÉireann 2025 | dáta eisiúna na dtorthaí |
| • A-leibhéal an RA 2025 | dáta eisiúna na dtorthaí |
| • Scrúduithe eile (lena n-áirítear Ardteistiméireacht/A-leibhéal roimhe sin) | 1 Lúnasa 2025 |
| • Iarrthóirí eile (e.g. QQI-FET/Mic Léinn Lánfhásta/Mic Léinn Aistrithe): | Féach suíomh gréasáin ábhartha UCD ar an taobh eile den bhileog. |

Ní dhéanfaidh UCD tairiscintí tar éis seachtain a trí sa ráithe. I gcás a bhfaightear torthaí níos déanaí ná sin de dheasca imthosca nach raibh neart ag an iarrthóir orthu, féadfar tairiscint iarchurtha a eisiúint.

## Conas a bheidh mo stádas táillí ar eolas agam?

- Ar rugadh thú lasmuigh den AE/LEE?
- An raibh cónaí ort, nó ar do thuismitheoirí, lasmuigh den AE/LEE ar feadh 3 de na 5 bliana anuas?
- An Neamhnáisiúnach de chuid an AE/LEE thú?
- Ar fhreastail tú ar institiúid tríú leibhéal (in Éirinn nó in áit éigin eile) roimhe seo?

Más freagra dearfach a thug tú ar aon cheann de na ceisteanna sin, seans nach mbeidh tú incháilithe do tháillí "saor in aisce" nó do tháillí an AE. Caithfidh tú dul chuig **www.ucd.ie/fees** le haghaidh faisnéis maidir leis na táillí agus chun tabhairt faoi mheasúnú táille.

Má mheastar gur iarrthóir nach de chuid an AE thú chun críocha táillí thú, ba chóir duit iarratas a chur isteach go díreach chuig UCD ag **www.ucd.ie/global**.

Níl aon earráid nó easnamh san fhoilseachán seo ina gceangal ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

**Meán Fómhair 2024**

## Rialacháin Ghinearálta

### An bhfuil teorainneacha aoise i gceist?

De ghnáth, caithfidh mic léinn a bheith 17 mbliana d'aois faoin 15 Eanáir tar éis iontrála: i.e. chun tosú in 2025, caithfidh dáta breithe a bheith ar an 15 Eanáir 2009, nó roimhe sin. Níl aon uasteorainn i gceist.

### Conas a mheastar iarratais?

Tá iomaíocht ag baint le háit a fháil ar na cúrsaí go léir (i.e. tá níos mó iarrthóirí ná áiteanna) agus, seachas bealaí Rochtana (e.g. mic léinn lánfhásta nó QQI FET), tá sé bunaithe ar chóras pointí na hArdteistiméireachta nó ar chóras comhionann. I gcás Leighis, glactar leis na torthaí HPAT-Éireann in éineacht le torthaí ardteistiméireachta na scoile.

### An bhfuil scagthástáil sláinte ag teastáil ó aon chúrsaí?

Má fhaigheann tú áit ar aon cheann de na cúrsaí seo a leanas, ceanglófar ort, agus áit faighte agat, éirí leat i bpróiseas scagthástála sláinte agus vacsaínithe ó am go ham in ndiaidh sin, i gcomhréir le beartas sláinte Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte.

- Eolaíochtaí Bithleighis, Sláinte agus na Beatha (DN440)
- Cothú an Duine (DN262)
- Leigheas (DN400 agus DN401)
- Fisiteiripe (DN420)
- Radagrafaíocht (DN410 agus DN411)
- Altranas (DN450-453)

Tá costas ag baint leis na tástálacha sin.
https://www.ucd.ie/stuhealth/healthcarestudents/

### An bhfuil aon scagthástálacha eile ag teastáil?

Ceanglófar ort grinnfhiosrúchán a chríochnú go sásúil i gcomhréir le Beartas Grinnfhiosrúcháin na Mac léinn dár gcuid má fhaigheann tú áit ar roinnt cúrsaí. Is iad sin faoi láthair ná:

- Cothú an Duine (DN262)
- Leigheas (DN400 agus DN401)
- Altranas (DN450-453)
- Fisiteiripe (DN420)
- Radagrafaíocht (DN410 agus DN411)
- Oideachas (DN760)

Ag brath ar shocrúchán:

- Eolaíocht Spóirt, Sláinte agus Aclaíochta (DN425)
- Bainistíocht Spóirt agus Aclaíochta (DN430)

Má mhair tú lasmuigh d'Éirinn ar feadh níos mó ná 6 mhí ó bhí tú 18 mbliana d'aois, caithfidh tú Teastais Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin. Dá nochtfadh an comhlacht ábhartha cion ábhartha, d'fhéadfadh sé tarlú nach gceadófar thú clárú.

### Conas a dhéanfar mo scrúduithe AE a mheas?

Tá modhanna comhaontaithe ag UCD chun gach cáilíocht aitheanta eile in AE/LEE a thiontú ina modh is ionann é agus an modh pointí. Téigh, le do thoil, chuig ár suíomh gréasáin le haghaidh sonraí. Ba chóir d'iarrthóirí de chuid an AE a bhfuil cáilíochtaí acu nach de chuid an AE iad teagmháil a dhéanamh le hOifig na nIontrálacha le haghaidh comhairle.

# Ardteistiméireacht na hÉireann

## Cad iad na bunriachtanais iontrála (máithreánach)?

Chun bheith incháilithe chun dul i mbun iomaíochta, caithfidh sé ábhar aitheanta ar a laghad a bheith agat (lena n-áirítear gach ceann acu siúd atá riachtanach don chúrsa, féach ar an taobh eile) agus caithfidh tú Grád H5 ar a laghad a bhaint amach in dhá ábhar agus Grád O6/H7 ar a laghad a bhaint amach sna ceithre ábhar atá fágtha.

Tá an Ghaeilge agus an Béarla riachtanach do gach cúrsa. (D'fhéadfadh iarrthóirí a rugadh lasmuigh d'Éirinn nó a gcuireadh oideachas orthu lasmuigh d'Éirinn ar feadh tréimhsí ama suntasacha agus iarrthóirí faoi mhíchumas áirithe a bheith incháilithe díolúine Ghaeilge NUI a éileamh. Féach **www.nui.ie** le haghaidh sonraí)

### Cad iad na hábhair a aithnítear?

Aithnítear gach ábhar Ardteistiméireachta – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal – seachas na cinn seo a leanas:

1. Glacfar leis an ábhar 'Matamaitic Ghnáthleibhéil Ailtéarneach/Bhonnleibhéil' chun críocha clárúcháin mháithreánaigh. Ní bhronnfar pointí don ábhar sin, áfach, agus ní féidir é a úsáid in ionad an ábhair 'Matamaitic' i gcúrsaí a bhfuil 'Matamaitic' ina riachtanas iontrála dóibh.
2. Ní ghlacfar leis na hábhair 'Gaeilge – Bonnleibhéal' chun críocha clárúcháin mháithreánaigh ná pointí.
3. Níl Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP) ina cáilíocht inghlactha chun críocha clárúcháin mháithreánaigh ach is féidir é a chur san áireamh le haghaidh pointí.

### An bhfuil aon mheascán ábhar nach gceadaítear?

1. Ní féidir an t-ábhar 'Fisic agus Ceimic' a chur isteach in éineacht le 'Fisic' nó le 'Ceimic'.
2. Ní féidir 'Eacnamaíocht Talmhaíochta' a chur isteach in éineacht le 'Eacnamaíocht'.
3. Ní féidir 'Léann Clasaiceach' a chur isteach in éineacht le 'Laidin' ná 'Gréigis'.

Ba chóir d'iarrthóirí a chuireann torthaí Ardteistiméireachta isteach, lena n-áirítear ábhair nach bhfuil ar fáil a thuilleadh, teagmháil a dhéanamh le **www.ucd.ie/askus** maidir le hinghlacthacht agus le haon eisiaimh a bhféadfar feidhm a bheith acu.

### Cad iad na hábhair Eolaíochta Saotharlainne?

Is ábhair eolaíochta saotharlainne aitheanta iad na hábhair seo a leanas in Ardteistiméireacht na hÉireann: Eolaíocht Talmhaíochta; Bitheolaíocht; Ceimic; Fisic agus Ceimic (Comhábhair); Fisic. Féach an nasc chuig na bunriachtanais iontrála ag **www.ucd.ie/lc** le haghaidh sonraí breise. Le haghaidh roinnt cúrsaí, aithnítear ábhair bhreise mar ábhair eolaíochta saotharlainne (féach an suíomh gréasáin).

### Cad iad na teangacha a shásaíonn riachtanas an tríú teanga?

Gach teanga ar féidir a roghnú mar chuid d'Ardteistiméireacht na hÉireann seachas an Ghaeilge agus an Béarla. Ní chaithfidh sí a bheith ina teanga Eorpach.

## Córas na bpointí:

Toisc go mbíonn níos mó iarrthóirí ná mar a bhíonn áiteanna ar fáil de ghnáth, bíonn iomaíocht ann atá bunaithe ar chóras pointí le haghaidh cúrsaí fochéime.

Déantar na torthaí scrúdaithe iarrthóirí a chláraíonn agus a shásaíonn Riachtanais Iontrála an Chúrsa a mheas bunaithe ar na pointí a leithdháileadh i leith grád a fuarthas sa scrúdú Ardteistiméireachta.

Bronntar pointí mar seo a leanas:

| % | Grád | Pointí Ardleibhéil | Pointí Gnáthleibhéil |
|---|---|---|---|
| 90-100 | 1 | 100 | 56 |
| 80-89 | 2 | 88 | 46 |
| 70-79 | 3 | 77 | 37 |
| 60-69 | 4 | 66 | 28 |
| 50-59 | 5 | 56 | 20 |
| 40-49 | 6 | 46 | 12 |
| 30-39 | 7 | 37 | N/B |

| | Grád | Pointí |
|---|---|---|
| **Módúil Nasctha Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP)** | Pas le Gradam | 66 |
| | Pas le Tuillteanas | 46 |
| | Pas | 28 |

**Nótaí**:

- Bronnfar 25 pointe sa bhreis i gcomhair grád H6 nó níos fearr i Matamaitic na hArdteistiméireachta, i gcás go bhfuil an t-ábhar sin ar cheann de na sé ábhar atá á n-áireamh chun críocha pointí.
- Déanfar feidhmíocht scoile na n-iarrthóirí san ardteistiméireacht a mheas de réir thorthaí is fearr na n-iarrthóirí i nach mó ná sé ábhar aonair a scrúdaíodh san Ardteistiméireacht in aon bhliain amháin. I gcás go gcuireann iarrthóir scrúduithe ardteistiméireachta ó dhá bhliain nó níos mó isteach, roghnófar an toradh is fearr in iarracht amháin chun críocha scórála.
- Níl tionchar ag an srian scórála bliain amháin ar riachtanais mháithreánacha Ollscoil Náisiúnta na hÉireann; i.e. is féidir riachtanais mháithreánacha a chomhlíonadh tar éis níos mó ná bliain amháin, seachas i gcás Leighis. Sa chás sin, caithfidh iarrthóirí na bunriachtanais iontrála a chomhlíonadh san iarracht Ardteistiméireachta chéanna a chuirfidh siad isteach chun críocha áirimh pointí.

Tá feidhm ag na hábhair agus an meascán ábhar nach gceadaítear chun críocha máithreánaigh freisin agus iomlán na bpointí iarrthóra á áireamh.

### An nglacann UCD leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach?

Ní ghlacann, ní shásaíonn an scrúdú sin na riachtanais mháithreánacha ná iontrála.

## Iarrthóirí QQI-FET

Má tá teastas QQI-FET Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 le gradaim i gcúig mhodúl agat, féadfaidh tú a bheith i dteideal iarratas a chur isteach ar go leor dár gcúrsaí ar an mbonn sin. Tabhair faoi deara, tá iomaíocht ag baint le hiontráil agus féadfaidh níos mó ná cúig pas le gradam a bheith ag teastáil.

Tá an liosta gradam atá riachtanach chun áit a fháil ar gach cúrsa agus modúl ar fáil ag www.ucd.ie/FET.

## Iarrthóirí A-Leibhéil

Chun clárú ar bhonn scrúduithe A-leibhéil agus GCSE, caithfidh tú Grád C nó níos fearr a bhaint amach in dhá ábhar A-leibhéil agus pas i gceithre ábhar A-leibhéil/GCSE aitheanta eile.

Ag leibhéal GCSE, meastar gur pas é 4/C nó níos fearr.

Caithfidh tú Riachtanais Iontrála an Chúrsa a chomhlíonadh freisin.

Tabhair faoi deara, nach n-aithnítear gach ábhar. Ba chóir duit dul chuig an suíomh gréasáin NUI **www.nui.ie** le haghaidh sonraí maidir le hábhair A-leibhéil a nglacfar leo agus maidir leo siúd nach measfar i gcomhcheangal (i.e. atá comheisiach).

Le haghaidh na sonraí go léir maidir le scóráil A-leibhéil téigh chuig an suíomh gréasáin **www.ucd.ie/alevel**

## An cuma má d'fhreastail mé ar institiúid tríú leibhéal cheana féin?

***Caithfidh*** tú sonraí maidir le gach institiúid tríú leibhéal ar fhreastail tú orthu a chur san áireamh agus iarratas á dhéanamh agat. Tá srianta i bhfeidhm ar roinnt cúrsaí. **www.ucd.ie/transfer.** Féadfaidh impleachtaí a bheith ag baint le táillí má d'fhreastail tú ar institiúid tríú leibhéal cheana féin **www.ucd.ie/fees.**

## Cén dualgas atá orm?

Is ar an iarrthóir atá an dualgas na critéir le haghaidh iontrála ar na cúrsaí a gcuireann siad iarratas isteach orthu a sheiceáil. Tabhair faoi deara, is féidir critéir a athrú ó bhliain amháin go bliain eile.

Mar iarrthóir, is ortsa atá an fhreagracht faisnéis iomlán chruinn a chur ar fáil san iarratas agus an Ollscoil agus CAO a chur ar an eolas faoi aon athruithe nó ceartúcháin a rinneadh ar an iarratas bunaidh. Féadfaidh UCD iarraidh ar fhíorú ón údarás eisiúna maidir le sonra ar bith nó leis na sonraí ar fad a bhaineann leis an gcáipéisíocht a cuireadh i láthair. Má fhaightear amach go ndearnadh cáipéisí a bhrionnú, cuirfear an comhlacht bronnta ar an eolas.

I bhfianaise eolais bhreise, nach raibh ar fáil tráth an roghnúcháin, féadfar tairiscint a leasú nó, i gcásanna eisceachtúla, a tharraingt siar. Forchoimeádaimid freisin an ceart earráidí á cheartú i gcás a ndearnadh iad agus cinntí agus tairiscintí á gcur in iúl.

Féach Téarmaí agus Coinníollacha na tairisceana ag www.ucd.ie/admissions/termsandconditionsofoffer/

## Tuilleadh Ceisteanna?

Féach ar www.ucd.ie/admissions/faqs-undergraduate/ nó déan teagmháil linn ag www.ucd.ie/askus

Tá ár mbeartais ar fáil ag www.ucd.ie/admissions/policiesandgeneralregulations/

## Suíomhanna gréasáin úsáideacha

**Dátaí tábhachtacha d'iarrthóirí**
https://www.ucd.ie/registry/prospectivestudents/admissions/admissions-keydates/

**Riachtanais iontrála**
www.ucd.ie/lc

**Iarrthóirí A-Leibhéil**
www.ucd.ie/alevel

**Iarrthóirí de chuid an AE/LEE**
www.ucd.ie/eu

**Iarrthóirí nach de chuid an AE iad**
www.ucd.ie/global

**Iarrthóirí QQI FET**
www.ucd.ie/FET

**Iarrthóirí lánfhásta**
www.ucd.ie/maturestudents

**DARE agus HEAR**
www.ucd.ie/lc
Lean an nasc HEAR nó DARE de réir mar is cuí

**Conairí Iontrála do Chéimithe**
www.ucd.ie/grad_entry

**Scoláireachtaí**
www.ucd.ie/scholarships/

**Lóistín**
www.ucd.ie/residences/

**Iarrthóirí Aistrithe**
www.ucd.ie/transfer

**Aitheantas do Réamhfhoghlaim (RPL)**
www.ucd.ie/rpl

**Riachtanais Ghrinnfhiosrúcháin**
www.ucd.ie/vetting

**Faisnéis maidir le táillí**
www.ucd.ie/fees

## Scrúduithe d'Iarrthóirí

**HPAT – d'iarrthóirí ar DN400**
https://hpat-ireland.acer.org/

**GAMSAT d'iarrthóirí ar DN301 agus DN401**
https://gamsat.acer.org/gamsat-ireland

**Measúnú i Scríbhinn NMBI d'Iarrthóirí Lánfhásta ar DN450-453**
https://www.nmbi.ie/Careers-in-Nursing-Midwifery/

## Taithí Phraiticiúil

**Taithí phraiticiúil ar Leigheas Tréidliachta – d'Iarrthóirí ar DN300**
http://www.ucd.ie/vet_admission

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath – Achoimre ar Riachtanais Iontrála

Is achoimre ar riachtanais iontrála agus mháithreánacha d'fhágálaithe scoile é an tábla seo. **Déanfar aon athruithe ar riachtanais a uasdátú ag www.ucd.ie/lc**). **Tabhair faoi deara:** Cé nach bhfuil siad riachtanach, moltar ábhair áirithe do roinnt cúrsaí –féach an réamheolaire le haghaidh na sonraí go léir

Tá sonraí na gcúrsaí foilsithe i Réamheolaire na bhFochéimithe UCD 2025, atá ar fáil ag www.myucd.ie

Le haghaidh sonraí teagmhála agus Ceisteanna Coitianta, féach, le do thoil www.ucd.ie/admissions

Toisc go mbraitheann scoithphointí ar thorthaí ardteistiméireachta na n-iarrthóirí, ní féidir na pointí a bheidh riachtanach le haghaidh iontrála in 2025 a thuar

| Cód CAO | Teidil an Chúrsa | Riachtanais Iontrála an Chúrsa | | | | | | Pointí Íosta | | Líon garbh na nÁiteann a 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gaeilge | Béarla | Teanga Eile | Mata-maitic | Ábhar Eolaíochta Saotharlainne | Ábhair Mháithreánacha Bhreise | Babhta 2 2024 | 2023 Babhta Deiridh | |
| DN100 | Ailtireacht | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | | 3 | 552 | 566* | 57 |
| DN120 | Ailtireacht Tírdhreacha | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | | 3 | 474 | 477 | 28 |
| DN130 | Pleanáil Chathrach agus Beartas Comhshaoil | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | | 3 | 477 | 487 | 31 |
| DN150 | Innealtóireacht | O6/H7 | O6/H7 | | H4 | H6[1] | 2 | 568 | 567 | 285 |
| DN200 | Eolaíocht | O6/H7 | O6/H7 | | O2/H6 | O2/H6[1] | 2 | 544 | 555 | 420 |
| DN201 | Ríomheolaíocht | O6/H7 | O6/H7 | | O2/H6 | | 3 | 533* | 558 | 105 |
| DN230 | Staidéir Achtúireacha agus Airgeadais | O6/H7 | O6/H7 | | H2 | | 3 | 613* | 613 | 50 |
| DN240 | Inbhuanaitheacht | O6/H7 | O6/H7 | | O2/H6 | | 3 | 531 | 529 | 70 |
| DN250 | Eolaíocht Talmhaíochta | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 400 | 400 | 250 |
| DN261 | Eolaíocht an Bhia | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 490 | 487 | 47 |
| DN262 | Cothú an Duine | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 532 | 533 | 34 |
| DN300 | Leigheas Tréidliachta (Iontráil Fochéime) [2][3] | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | Ceimic H5 | 1 | 589* | 589 | 82 |
| DN301 | Leigheas Tréidliachta (Iontráil Chéime) [3][4] | Féach **www.ucd.ie/grad_entry** le haghaidh sonraí | | | | | | | | 5 |
| DN310 | Altranas Tréidliachta | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 481 | 518 | 44 |
| DN400 | Leigheas (Iontráil Fochéime) [3][5] | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7[1] | 1 | 735 | 735* | 121 |
| DN401 | Leigheas (Iontráil Chéime) [3][4] | Féach **www.ucd.ie/grad_entry** le haghaidh sonraí | | | | | | | | 77 |
| DN410 | Radagrafaíocht | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7[1] | 1 | 554* | 544* | 98 |
| DN411 | Radagrafaíocht Dhiagnóiseach (Iontráil Chéime) [4] | Féach **www.ucd.ie/grad_entry** le haghaidh sonraí | | | | | | | | 20 |
| DN420 | Fisiteiripe [3] [4] | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7[1] | 1 | 588 | 579 | 58 |
| DN425 | Eolaíocht Spóirt, Sláinte agus Aclaíochta | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 542 | 534 | 55 |
| DN430 | Bainistíocht Spóirt agus Aclaíochta | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 478 | 484 | 58 |
| DN440 | Eolaíochtaí Bithleighis, Sláinte agus na Beatha | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7[1] | 1 | 600 | 601* | 40 |
| DN450 | Altranas Ginearálta [3] | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 408 | 393 | 164 |
| DN451 | Altranas Leanaí agus Ginearálta (Imeasctha) [3] | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 495 | 499 | 42 |
| DN452 | Cnáimhseachas [3] | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 519 | 510 | 27 |
| DN453 | Altranas Meabhairshláinte [3] | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | O6/H7[1] | 2 | 367 | 407 | 39 |

| Cód CAO | Teidil an Chúrsa | Riachtanais Iontrála an Chúrsa | | | | | | Pointí (líon íosta) | | Líon garbh na nÁiteann a 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Gaeilge | Béarla | Teanga Eile | Mata-maitic | Ábhar Eolaíochta Saotharlainne | Ábhair Mháithreán acha Bhreise | Babhta 2 2024 | 2023 Babhta Deiridh | |
| DN520 | Comhchéim Onóracha BA | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | | | 3 | 419 | 368 | 380 |
| DN530 | Na Daonnachtaí | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | | | 3 | 466 | 444 | 260 |
| DN541 | Nuatheangacha | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | | | 3 | 398 | 307 | 30 |
| DN600 | Dlí | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7(6) | | | 3 | 556 | 564 | 125 |
| DN610 | Gnó agus Dlí | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O2/H6 | | 2 | 576 | 554* | 120 |
| DN620 | Coireolaíocht le Síceolaíocht | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | | | 3 | 519 | 521 | 60 |
| DN650 | Tráchtáil | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | O2/H6 | | 2 | 545 | 545 | 235 |
| DN660 | Tráchtáil Idirnáisiúnta | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7(7) | O2/H6 | | 2 | 542 | 544 | 97 |
| DN670 | Eacnamaíocht agus Airgeadas | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | H4 | | 2 | 625 | 613* | 55 |
| DN700 | Na hEolaíochtaí Sóisialta | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | | 3 | 468 | 444 | 525 |
| DN710 | Eacnamaíocht | O6/H7 | O6/H7 | | H5 | | 3 | 532 | 521* | 50 |
| DN720 | Síceolaíocht | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | | 3 | 554 | 554 | 90 |
| DN750 | Beartas Sóisialta agus Socheolaíocht | O6/H7 | O6/H7 | | O6/H7 | | 3 | 410 | 368 | 90 |
| DN760 | Oideachas | O6/H7 | O6/H7 | O6/H7 | | | 3 | 473 | 431 | 45 |

**Eochair na n-ábhar riachtanach:**
G cuireann sé grád íosta ag Gnáthleibhéal san Ardteistiméireacht in iúl
A cuireann sé grád íosta ag Ardleibhéal san Ardteistiméireacht in iúl

* níorbh fhéidir tairiscint a dhéanamh do gach iarrthóir a raibh an scór sin acu agus roghnaíodh iad siúd go randamach ar an bpointe sin.

## Fonótaí

1 Aithnítear na hábhair seo a leanas mar ábhair eolaíochta saotharlainne:
- Eolaíocht Talmhaíochta
- Bitheolaíocht
- Ceimic
- Fisic agus Ceimic (Comhábhair)
- Fisic

I dteannta na n-ábhar thuas, féadfar Tíreolaíocht nó Matamaitic Fheidhmeach nó Ríomheolaíocht a úsáid chun riachtanas an ábhair Eolaíochta Saotharlainne d'Eolaíocht (DN200) a chomhlíonadh.

2 Caithfidh 60 uair an chloig de thaithí phraiticiúil a bhaineann le hainmhithe a láimhseáil idir an 1 Feabhra 2022 agus an 7 Iúil 2025 a bheith ag iarrthóirí ar 2025 (féach **www.ucd.ie/vet_admission**).

3 Ní bheidh iarrthóirí nár éirigh leo roimhe sin i gcúrsa comhchosúil incháilithe de ghnáth.

4 Tá conairí iontrála do chéimithe ann. Féach **www.ucd.ie/grad_entry** le haghaidh sonraí, le do thoil

5 Tá an iontráil fochéimithe ar leigheas d'fhágálaithe scoile bunaithe ar **dhá chritéar**:
- na riachtanais iontrála íosta don chúrsa a chomhlíonadh in aon iarracht amháin in Ardteistiméireacht na hÉireann a chuireann siad isteach chun críocha áirimh pointí. Tá 480 pointe ar a laghad (nó scór coibhéiseach i scrúduithe eile de chuid an AE) ag teastáil chun go measfar thú.
- tabhairt faoin scrúdú riachtanach HPAT-Éireann. Is féidir an scór ó HPAT – Éireann a úsáid chun go nglacfar le hiarrthóir isteach i gcúrsa leighis fochéime a thosóidh sa bhliain chéanna AMHÁIN. Mar shampla, is féidir torthaí ó HPAT – Éireann 2025 a úsáid i gcomhair cúrsaí leighis fochéime a bheidh ag tosú in 2025 ach ní i gcomhair cúrsa a bheidh ag tosú in 2026.
- Déanfar pointí do DN400 a dheisiú nuair a chónaiscfear iad le HPAT – Éireann (féach an nasc ó DN400 ag **www.ucd.ie/lc**)

6 Má chuireann tú isteach agus níos lú ná H3 i bhFraincis na hArdteistiméireachta agat, ní bheidh tú in ann Dlí a roghnú in éineacht le Dlí na Fraince.

7 Má fhaigheann tú áit agus níos lú ná H4 sa Fhraincis san Ardteistiméireacht agat, ní bheidh tú in ann aon mheascán Fraincise a roghnú.

**Roghanna laistigh de chúrsaí**

Tá roinnt roghanna laistigh den chuid is mó de chúrsaí. Ba chóir duit an réamheolaire UCD a léamh le haghaidh sonraí. Do na cúrsaí ar an gcéad leathanach eile, caithfear rogha a roghnú tráth an iarratais. Ní féidir leat cur isteach ar gach cód CAO ach uair amháin. Beidh na riachtanais iontrála agus na pointí mar an gcéanna beag beann ar an rogha a roghnóidh tú.

**DN200 Eolaíocht**

Roghnaigh CEANN AMHÁIN:

- Iniúchadh a dhéanamh ar Shruthanna Éagsúla
- Eolaíochtaí Bitheolaíocha, Bithleighis agus Bithmhóilíneacha
- Domhaneolaíochtaí agus Eolaíochtaí an Chomhshaoil
- Ceimic (lena n-áirítear Ceimic Leighis/ Inbhuanaithe)
- Matamaitic (lena n-áirítear Matamaitic Fheidhmeach/ Airgeadais/ Staitisticí
- Fisic (lena n-áirítear Fisic Theoiriciúil/ Réalteolaíocht agus Eolaíocht an Spáis)
- Eolaíocht, Matamaitic agus Oideachas

**DN250 Eolaíocht Talmhaíochta**

Roghnaigh CEANN AMHÁIN:

- Teicneolaíocht na gCóras Talmhaíochta
- Eolaíochtaí Agra-Chomhshaoil
- Táirgeadh Ainmhithe agus Barr
- Eolaíocht Ainmhithe
- Eolaíocht Ainmhithe – Eachaí
- Eolaíocht na mBarr
- An Gnó Déiríochta
- Bainistíocht an Bhia agus an Ghnó Thalmhaíochta
- Gnó an Bhia agus an Léann Síneach
- Foraoiseacht
- Gairneoireacht
- Gan rogha

**DN261 Eolaíocht an Bhia** roghnaigh ceann amháin de dhá chonair:

- Eolaíocht an Bhia nó
- Córais Bia Inbhuanaithe

**DN520 Comhchéim Onóracha**

Roghnaigh 2 ábhar ón liosta seo a leanas:

- Seandálaíocht
- Stair na hEalaíne
- Sibhialtacht Cheilteach
- Léann na Drámaíochta
- Béarla
- Staidéar Scannán
- An Fhraincis
- Tíreolaíocht
- An Ghearmáinis
- An Ghréigis
- Sibhialtacht Ghréagach agus Rómhánach
- Stair
- Faisnéis agus Cumarsáid
- Gaeilge
- Béaloideas na hÉireann
- An Léann Éireannach
- An Iodáilis
- An Laidin
- Teangeolaíocht
- Matamaitic
- Ceol
- Fealsúnacht
- An Phortaingéilis
- Socheolaíocht
- An Spáinnis
- Staitisticí

Níl gach meascán indéanta. Féach an eangach sa réamheolaire agus sa lámhleabhar CAO, le do thoil

**DN600 Dlí**

Roghnaigh ceann amháin:

- Dlí (BCL)
- Dlí agus Eacnamaíocht
- Dlí agus Dlí na Fraince
- Dlí agus Stair
- Dlí agus Gaeilge
- Dlí agus Polaitíocht
- Dlí agus Fealsúnacht
- Dlí agus Ceartas Sóisialta

**DN530 Na Daonnachtaí**

Roghnaigh ceann amháin:

- Léann Clasaiceach, Stair na hEalaíne agus an tSeandálaíocht
- Léann Clasaiceach, Béarla agus Stair
- Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha
- Litríocht an Bhéarla
- Béarla agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- Béarla, Drámaíocht agus Scannán
- Léann na hEorpa
- An Léann Domhanda
- Stair
- Stair agus Polaitíocht
- An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann
- An Léann Éireannach
- Teangacha, Teangeolaíocht agus Cultúir
- Ceol
- Ceol, Scannán agus Drámaíocht

**DN541 Nuatheangacha**

Roghnaigh 2 cheann de na teangacha seo a leanas:

- An Fhraincis
- An Ghearmáinis
- An Iodáilis
- An Phortaingéilis
- An Spáinnis

**DN660 Tráchtáil Idirnáisiúnta**

Roghnaigh 2 cheann de na teangacha seo a leanas:

- An tSínis
- An Fhraincis
- An Ghearmáinis
- An Iodáilis
- An Spáinnis

**DN760 Oideachas**

Roghnaigh ceann amháin:

- BEd Oideachas, An Ghaeilge agus Nuatheangacha
- BEd Oideachas agus Nuatheangacha
- BEd Oideachas agus An Ghaeilge

**DN700 Na hEolaíochtaí Sóisialta**

Roghnaigh ceann amháin de na trí shruth seo a leanas:

- An Eolaíocht Shóisialta Ríomhaireachtúil
- Eacnamaíocht, Matamaitic agus Staitisticí
- Fealsúnacht, Polaitíocht agus Eacnamaíocht

**NÓ**

Dhá cheann de na hábhair seo a leanas

- Seandálaíocht
- Stair na hEalaíne (M)
- Sibhialtacht Cheilteach (M)
- An tSínis (M)
- Domhaneolaíochtaí (M)
- Eacnamaíocht
- An Béarla (M)
- An Fhraincis (M)
- Tíreolaíocht
- An Ghearmáinis (M)
- Sibhialtacht Ghréagach agus Rómhánach (M)
- An Ghréigis (M)
- Stair (príomhábhar agus mionábhar)
- Staidéar Faisnéise agus Cumarsáide
- An Ghaeilge (M)
- Béaloideas na hÉireann (M)
- An Iodáilis (M)
- Teangeolaíocht (M)
- Matamaitic
- Ceol (M)
- Fealsúnacht
- Polaitíocht agus Caidreamh Idirnáisiúnta
- Ceartas Sóisialta
- Socheolaíocht
- An Spáinnis (M)
- Staitisticí

Níl gach meascán indéanta. Níl na hábhair atá marcáilte le (M) ar fáil ach ag Mionleibhéal. Féach an eangach sa réamheolaire agus sa lámhleabhar CAO

www.ucd.ie/myucd
www.ucd.ie/admissions

www.ucd.ie/askus

01 716 1608

**Clárlann UCD le haghaidh Iontrálacha**
Áras Uí Thiarnaigh
UCD, Belfield, Baile Átha Cliath 4